

Oifig an Ard-Aighne Cairt do Chliant



Ráiteas Misin

Is é an misean atá againn an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, dá Ranna agus dá Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí.

Ról na hOifige

Is é príomhról na hOifige seirbhísí comhairleacha dlí agus dréachtaithe reachtaíochta a chur ar fáil dá cliant, lena n-áirítear an Rialtas, Airí agus Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí áirithe eile. Seachas eisceachtaí fíortheoranta (féach [Caingne Insteora](#)) ní chuireann an Oifig seirbhísí dlí ar fáil don phobal go díreach. Ba chóir do dhaoine den phobal ar mian leo comhairle dlí a iarraidh dul i gcomhairle lena gcomhairleoir dlí féin.

Abhcóidí Comhairleacha

Fad atá seirbhísí Comhairleacha Dlí á gcur ar fáil againn, déanfaimid:

- ✓ Comhairle dlí neamhspleách neamhchlaonta a chur ar fáil agus a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil comhairle dlí soiléir, meáite, cuimsitheach agus seasmach
- ✓ Gach iarraidh ar chomhairle dlí a láimhseáil go tráthúil agus leibhéal ard freagrúlachta a léiriú i ndáil le saincheisteanna práinneacha a chuirfear in ord tosaíochta de réir riachtanais fhoriomlána an Rialtais

Dréachtóirí Parlaiminte

Fad atá seirbhísí Dréachtaithe Reachtaíochta á gcur ar fáil againn, déanfaimid:

- ✓ Do reachtaíocht a dhréachtú ar bhealach atá stuama go bunreachtúil agus go dlíthiúil, soiléir, cuimsitheach agus freagrúil do do chuid riachtanas
- ✓ Leibhéal cuí freagrúlachta a léiriú i ndáil le saincheisteanna práinneacha agus gnáth-shaincheisteanna araon a chuirfear in ord tosaíochta de réir riachtanais fhoriomlána an Rialtais

Fad atáimid ag plé lenár gcliant:

- ✓ Beimid cúirtéiseach, gairmiúil agus cabhrach i gcónaí
- ✓ Cuirfimid ár seirbhísí ar fáil ar bhealach a léiríonn meas ar chearta an duine, ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar ionchuimsiú
- ✓ Glacfaimid cur chuige foireann-bhunaithe agus beimid tiomanta do chabhrú le cliant a gcuid cuspóirí a bhaint amach

Monatóireacht agus Measúnú

Coinníonn an Oifig plé leanúnach ag dul ar aghaidh lena cliaint maidir le seachadadh a cuid seirbhísí d'fhonn cuidiú éifeachtacht sheachadadh a seirbhísí agus scóip ar bith atá ann chun feabhas a dhéanamh a mheas.

Soláthar Faisnéise

Foilsíonn an Oifig faisnéis maidir lena cuid oibre ar a láithreán gréasáin ar <https://www.attorneygeneral.ie>.

Tá gealltanais Ghaeilge na hOifige leagtha amach i [Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla 2020-23](#) dá cuid.

Tá an Oifig faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt ar aird, faoi Alt 42(f) den Acht, nach bhfuil feidhm ag an Acht ach i gcás taifead a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige.

An Méid a Iarraimid ar Chliaint

D'fhonn cuidiú linn ár seirbhísí a chur ar fáil duit, iarraidimid ort:

- ✓ Caitheamh le foireann na hOifige le cúirtéis
- ✓ Muid a choinneáil ar an eolas maidir le saincheisteanna ar bith a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcás/ar an bhfadhb atá idir lámha nó ar dhréachtú do reachtaíochta
- ✓ Comhlíonadh a chinntiú le [treoracha Lámhleabhar na Comh-aireachta](#) agus a bheith ar an eolas maidir le comhairle ábhartha a d'eisigh an Oifig roimhe seo agus le reachtaíocht a bhaineann le do Roinn nó d'Oifig
- ✓ A bheith sách soiléir i ndáil le cuspóirí beartais do Roinne nó d'Oifige
- ✓ Nuair atá comhfhreagras á sheoladh ar ríomhphost, déan gach ríomhphost dá leithéid a chóipeáil (agus ár n-uimhir thagartha leis, nuair atá sí ar eolas agat) chuig Clárlann na hOifige ar eolas@ag.irlgov.ie

Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

Oifig an Ard-Aighne
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath D02 R583

Teil: (+353) 1 631 4000
Facs: (+353) 1 676 1806
eolas@ag.irlgov.ie
<https://www.attorneygeneral.ie/>